**RIALACHÁN (AE) 2025/1722 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 31 Iúil 2025**

**lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir i gcás soithí faoi bhratach na Gréige nó atá cláraithe sa Ghréig**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2025.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta sin le haghaidh 2025 ídithe ag gabhálacha an stoic tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir i gcás soithí faoi bhratach na Gréige nó atá cláraithe sa Ghréig.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta le haghaidh 2025 a cionroinneadh ar an nGréig le haghaidh an stoic tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45° I, agus sa Mheánmhuir dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

Toirmeascfar, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, gníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcás soithí faoi bhratach na Gréige nó atá cláraithe sa Ghréig. Go sonrach, toirmeascfar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Dubravka ŠUICA
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

| | |
|---|---|
| Uimh. | 06/TQ202 |
| Ballstát | an Ghréig |
| Stoc | BFT/AE45WM<br>(lena n-áirítear na coinníollacha speisialta BFT/*641, BFT/*643, BFT/*8301, BFT/*8302, BFT/*8303F) |
| Speiceas | An tuinnín gorm (*Thunnus Thynnus*) |
| Limistéar | An tAigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus an Mheánmhuir |
| Dáta deiridh | 6.6.2025 |